
Gael Linn
1953-2023
70
Bréagchúirt
Uí Dhálaigh
2023
Dé hAoine
17 Samhain 2023
Óstaí an Rí &
Na Cheithre Chúirt
Craobh @ 5p.m.
An Cás
An Stiúrthóir
Ionchúiseamh Poiblí
-v-
Conchubhair Ó Dufaigh

Bréagchúirt Uí Dhálaigh 2023

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

GEARÁNAÍ / ACHOMHARCÓIR

- **AGUS –**

Conchubhair Ó Dufaigh

COSANTÓIR / FREAGRÓIR

CEIST

Oíche an 18 Aibreán 2019, briseadh isteach in árasán Fiona Nic Risteard ar Lána an tSionnaigh i lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bhris an coire glas an dorais, rinne sé a bhealach isteach san árasán agus sa tóir ar earraí a mbeadh luach orthu le díol. Le linn na buirgléireachta, rinneadh damáiste d'earraí luachmhara a bhain le muintir Fiona leis na cianta, chomh maith le pluid a thug a sin-seanmháthair di.

Bhí sé deireanach san oíche nuair a bhí a seal oibre críochnaithe ag Fiona mar altra. Bhí sí féin agus a páirtí, Seosamh Ó Gríofa, ag siúl ar ais abhaile thart ar an am céanna is a bhí an déantóir coire ag fágáil an árasáin. Chonaic Fiona an coire ag fágáil an árasán le mála earraí ar iompar aige. D'ionsaigh Seosamh an déantóir coire agus é ag iarraidh an mála lán d'earraí a fháil ar ais.

Fágadh Seosamh le súil dhubh de bharr an ionsaithe agus bhí fuil le srón an choirpigh. D'éirigh le Seosamh an mála a fháil ar ais ach níor thángthas ar roinnt earraí - seodra, €1,300 d'airgead tirim agus ríomhaire glúine.

Rinne Fiona teagmháil leis na Gardaí a d'fhiosraigh an cás go háitiúil agus tháinig siad ar fhíseáin a bhí taifeadta ar CCTV ó theach tábhairne áitiúil.

Bhreathnaigh an Garda Mac Brádaigh ar an bhfíseán ón CCTV agus d'aithin sé an coire, Conchubhair Ó Dufaigh. Dúirt Fiona agus Seosamh, dá mba ghá, go mbeadh siad sásta dul chuig stáisiún na nGardaí le Garda Mac Brádaigh le deimhniú a thabhairt gurb é a bhí ann. Dúirt an Garda Mac Brádaigh nach mbeadh aon ghá sin a dhéanamh mar gur aithin sé féin Conchubhair sa bhfíseán.

Bhí Garda Mac Brádaigh ar phatról an oíche dár gcionn agus choinnigh sé súil ghéar ar Chonchubhair agus é amuigh ag siúl. Bhí na bristí spóirt agus bróga reatha céanna á gcaitheamh ag Conchubhair is a bhí feicthe ag Garda Mac Brádaigh ar an duine sa bhfíseán CCTV oíche an 18 Aibreán 2019. Nuair a cuardaíodh é, thángthas ar €300 in airgead tirim sna bróga reatha agus ar lastóir a bhí i bpóca leis.

Ghabh Garda Mac Brádaigh Conchubhair agus coinníodh é i Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais, áit ar ceistíodh é. Bhí dlíodóir in éineacht le Conchubhair le linn an cheistiúcháin.

Thug Garda Mac Brádaigh Fiona agus Seosamh chuig stáisiún na nGardaí tar éis dó Conchubhair a ghabháil. Thaispeáin sé pictiúir dóibh de Chonchubhair agus ansin thaispeáin dóibh sé an físeán CCTV den ionsaí. Dheimhnigh Fiona agus Seosamh leis gurb é an fear céanna bhí ann ar oíche an 18 Aibreán 2019, Conchubhair Ó Dufaigh.

AN TRIAIL

Ag tús na trialach, d'iarr Abhcóide an Chúisí go bhfágfaí ar lár an fhianaise aitheantais a bhí ag an nGarda Mac Brádaigh mar gur aithin Garda Mac Brádaigh an tUasal Ó Dufaigh trína chuid oibre mar bhall den Gharda Síochána. Bhí sé le tuiscint go raibh baint ag an Uasal Ó Dufaigh le heachtraí coiriúla roimhe seo.

Bhí Abhcóide an Chúisí ag brath go mór ar chás an An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) v Maguire [1995] 2 IR 286:

> *"Chun bunchloch a bheith agat le deimhniú go bhfuil fianaise aitheantais déanta ag finné ar bhonn athbhreithniú a bheith déanta ar fhíseán CCTV, tá sé riachtanach go dtabharfadh an finné le fios cé mhéad aithne a bhí acu ar an té atá i gceist agus cén chaoi go raibh sé ar a gcumas an cúisí a aithint".*

Chuir Abhcóide an Chúisí in iúl go raibh srian mór curtha ar a gcumas aon chineál scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a bhí ag Garda Mac Brádaigh mar go raibh sé ina bhall den Gharda Síochána agus go raibh baint aige leis an Rannóg Choireachta. D'fhéadfadh sé dá ndéanfaí mionscrúdú ar fhianaise an Gharda Mac Brádaigh go dtiocfaí ar fhianaise go raibh rudaí eile déanta as bealach ag an Uasal Ó Dufaigh.

Le linn an chroscheistithe, ní raibh an Garda Mac Brádaigh in ann na mionsonraí a thabhairt faoi cén caoi ar aithin sé an t-achomharcóir ach dúirt sé gur chas sé leis an Uasal Ó Dufaigh thart ar 15 uair ó thosaigh sé ag obair leis an Gharda Síochána.

Ag an bpointe seo, rinne Abhcóide an Chúisí iarratas chuig an gCúirt scaoileadh leis an ngiúiré ar an mbonn gur chas an Garda Mac Brádaigh le hÓ Dufaigh níos mó ná deich n-uaire le linn a chuid oibre mar bhall den Gharda Síochána, go raibh ceangal aige leis an Rannóg Choireachta, agus nach raibh aithne aige air ar aon bhonn eile. D'fhágfadh sé sin gurb é an tuiscint a bheadh ag an ngiúiré ná gur fear é an t-achomharcóir a mbeadh aithne ag an nGarda Síochána air mar gheall ar an bhaint a d'fhéadfadh a bheith aige le heachtraí coiriúlachta.

Dhiúltaigh an Breitheamh Séamus Ó Dúinn an t-iarratas agus dúirt:

> "Tá sé tugtha le fios agam go soiléir nach raibh srian curtha ar an gcosantóir agus iad i mbun croscheistiú ar an nGarda Mac Brádaigh. Bhí an deis acu croscheistiú a dhéanamh ar Garda Mac Brádaigh agus caithfidh na hAbhcóidí déileáil leis na freagraí atá ann. Tá a dtuairim féin acu ó tharla go n-airíonn siad go bhfuil na freagraí claonta maidir le nithe áirithe".

Maidir le hinghlacthacht na fianaise aitheantais ag baill An Gharda Síochána, bhí Abhcóidí na gCúisitheoirí ag brath ar chás *Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh v de Paor* [2019] IECA 74 agus chuir siad in iúl gur mó an buntáiste a bhí san fhianaise aitheantais ná le héifeacht an chlaontacht.

Ba é seasamh an Ionchúisimh ná go raibh na hearraí a bhfuarthas faoi cheilt ar iompar ag an Uasal Ó Dufaigh ag teacht le gadaíocht.

Rinneadh *voir dire* ag an triail áit ar iarr an Breitheamh Ó Dúinn ar déanadh paráid aitheantais. D'iarr Abhcóide an Fhreagróra ar an nGarda Mac Brádaigh cén fáth nár déanadh paráid aitheantais. D'fhreagair sé:

> Garda Mac Brádaigh: "Bhuel, tar éis agallamh a chur ar Chonchubhair, bhí mé sách cinnte gurb é a bhí ann. Bhí na brístí spóirt agus bróga reatha mar an gcéanna chomh maith. Bhí Fiona agus a páirtí sásta gurb é a bhí ann nuair a chonaic siad an ghrianghraif agus an píosa físe ón oíche sin ar CCTV. Caithfidh sé gurb é a bhí ann, tá aithne agam air le píosa, tá bealach foréigneach ceart leis chomh maith".

Ar bhonn na fianaise a thug an Garda Mac Brádaigh faoin teip paráid aitheantais a reáchtáil, rinne Abhcóide an Chúisí iarratas an píosa físe a bhí acu ar CCTV den eachtra a chur as an áireamh. Cuireadh in iúl go raibh an físeán ar CCTV á úsáid le fianaise aitheantais an Garda Mac Brádaigh a dhaingniú seachas an tUasal Ó Dufaigh a aithint. Dúradh freisin go raibh sé thar a bheith míchuí go raibh an t-ionchúiseamh ag brath ar an bpíosa físe atá ar CCTV den eachtra ceal aon chás bailí ón nGarda Síochána gan paráid aitheantais a eagrú.

Seo a bhí le rá ag an mBreitheamh Ó Dúinn faoin teip paráid aitheantais a reáchtáil:

> "Is é an cúis go ndéantar paráid aitheantais ná le cosaint a thabhairt don té atá cúisithe agus le cinntiú go bhfuil neamhspleáchas i rannpháirtithe an pharáid a roghnú agus go gcoinnítear taifead air.
>
> Tá sé cloiste agam anois an t-údar a bhí ag Garda Mac Brádaigh gan tabhairt faoi pharáid aitheantais. Ciallaíonn an taithí atá ag an nGarda Mac Brádaigh mar bhall den Gharda Síochána go bhféadfadh sé Ó Dufaigh a aithint le cinnteacht.
>
> Tá fianaise cloiste agam chomh maith gur dheimhnigh Fiona Nic Risteard agus Seosamh Ó Gríofa gurb é an tUasal Ó Dufaigh a bhí ann tar éis dóibh grianghraif agus an físeán CCTV den eachtra a fheiceáil.
>
> Tá mé sásta go raibh údar maith ag An Garda Síochána córas tánaisteach aitheantais a úsáid."

Fuarthas Conchubhair Ó Dufaigh ciontach agus cúisíodh é as buirgléireacht a dhéanamh faoi 12 den Acht um Cheartas Coiriúil (Coir Ghadaíochta agus Caimiléireachta), 2001. Ghearr an Breitheamh Séamus Ó Dúinn tréimhse príosúnachta seacht mbliana ar Chonchubhair Ó Dufaigh, leis an sé mhí dheireanach ar fionraí.

Tá an Cúisí, Conchubhair Ó Dufaigh ag lorg dúshlán a thabhairt ar an gciontú ar na forais achomhairc seo a leanas:

Forais Achomhairc

i. Go ndearna breitheamh uasal na trialach botún i bhfíric agus sa dlí mar gur thug sé cead do na Gardaí fianaise aitheantais a thabhairt.

ii. Go ndearna breitheamh uasal na trialach botún mar gur dhiúltaigh sé scaoileadh leis an ngiúiré de dheasca na fianaise claonta ó fhinné an Gharda.

iii. Go ndearna breitheamh uasal na trialach botún sa dlí agus ar fhíric mar gur dhiúltaigh sé an t-iarratas ó Abhcóide an Chúisí an píosa físe ón CCTV a chur as an áireamh ar na cúinsí gur theip ar na Gardaí paráid aitheantais a reáchtáil gan aon mhíniú réasúnach a bheith tugtha cén fáth ar theip orthu sin a dhéanamh.

iv. I bhfianaise na gcúinsí, gur tháinig an ghiúiré ar chinneadh mímhuiníneach agus/nó urchóideach.

BREAGCHÚIRT UÍ DHALAIGH 2023

THE PEOPLE AT THE SUIT OF THE DIRECTOR OF PUBLIC PROSECUTIONS
PROSECUTION/RESPONDENT

- AND -

CONCHUBHAIR Ó DUFAIGH
ACCUSED/APPELLANT

FACTS

On the night of the 18th of April 2019, Fiona Nic Risteard's apartment on Fox Lane in Dublin City Centre was burgled.

The perpetrator broke lock on the door, entered the apartment and looked around for valuables to steal. During the course of the burglary, items were damaged belonging to Fiona's family such as heirlooms and a blanket given to by her great grandmother.

Fiona was walking home late at night from her shift as a nurse with her boyfriend, Seosamh O Griofa as the perpetrator was leaving the property. Fiona noticed a man wearing his hood up and a face covering carrying a bag of valuables that were clearly taken from her property. Seosamh attacked the perpetrator in an effort to retrieve the bag of belongings.

In the midst of the attack, Seosamh sustained a black eye during the attack and the other person suffered a bloody nose. Seosamh managed to retrieve the bag of belongings, unfortunately the other items taken from the apartment including jewellery, €1,300 cash and a laptop were not recovered.

Fiona contacted the Gardaí who made inquiries locally and obtained CCTV footage of the incident from a local pub.

Garda Mac Brádaigh viewed the CCTV footage in the local pub and recognised the perpetrator to be Conchubhair Ó Dufaigh. Fiona and Seosamh said they were happy to go with Garda Mac Brádaigh to the Garda Station and identify the perpetrator if required. Garda Mac Brádaigh said this was not necessary as he recognised Conchubhair Ó Dufaigh in the footage.

The next night, Garda Mac Brádaigh was on patrol and observed Conchubhair out walking in the same tracksuit bottoms and trainers Garda Mac Brádaigh observed the

person in the CCTV footage to be wearing on the night of the 18th of April 2019. An initial search of revealed €300 cash concealed in his trainers and a lighter in his pocket.

Garda Mac Brádaigh arrested Conchubhair and detained him in Store Street Garda station where an interview was conducted. Conchubhair was represented by a solicitor during the interview.

After the arrest Garda Mac Brádaigh brought Fiona and Seomsamh to the station and showed them a picture of Conchubhair and then showed them the CCTV footage of the attack. Fiona and Seosamh confirmed that the person in the photo was the same man from the night of the 18th of April 2019, Conchubhair Ó Dufaigh.

THE TRIAL

At the commencement of the trial, Counsel for the Accused applied to exclude the recognition evidence of Garda Mac Brádaigh on the basis that Garda Mac Brádaigh recognised Mr Ó Dufaigh faigh through his work as a member of An Garda Siochana and this implied that Mr Ó Dufaigh was previously involved in criminal activity.

Counsel for the Accused placed reliance on the case of *People (DPP) v Maguire* [1995] 2 IR 286 as follows:

> *"In order to lay the foundation for the admission of identification evidence made by a witness on the basis of a review of CCTV, it is necessary for the witness to indicate the capacity and how well they knew the accused and how they can identify the accused."*

It was submitted by Counsel for the Accused that their ability to test the evidence of Garda Mac Brádaigh was incredibly restricted as he was a member of An Garda Síochána attached to the Crime Division and any rigorous testing of his evidence could lead to evidence of previous wrongdoing on the part of Mr Ó Dufaigh.

During cross examination, Garda Mac Brádaigh was unable to give specifics as to how he recognised the appellant but stated that he had encountered Mr Ó Dufaigh in around 15 times during the course of his work as a member of An Garda Síochána.

At this point, an application was made by Counsel for the Accused to the Court to discharge the jury on the basis that Garda Mac Brádaigh had encountered Ó Dufaigh over ten times during the course of his work as a member of An Garda Síochána attached to the Crime Office and no other basis, this would leave the jury with the impression that the appellant was a man previously known to An Garda Síochána through possible involvement in criminal activity.

Judge Seamus Ó Duinn refused the application and stated that:

> "I have made it abundantly clear that the Defence has not been constrained in their cross examination of Garda Mac Brádaigh. They had the opportunity to cross examine Garda Mac Brádaigh and Counsel must deal with the answers

that are there. The fact that they feel the answers are prejudicial is a matter of opinion in respect of matters."

In relation to the admissibility of the recognition evidence by members of An Garda Síochana, Counsel for the Prosecution relied on the case of *People (DPP) v Power* [2019] IECA 74 and submitted that the probative value of the recognition evidence outweighed the prejudicial effect.

It was further the Prosecution's position that the items found concealed on Mr Ó Dufaigh's person were consistent with their involvement in the robbery.

A *voir dire* was conducted at the trial where the Judge Ó Duinn asked if an identification parade was held. Counsel for the Respondent asked Garda Mac Bradaigh why an identification parade was not held to which he replied:

> Garda Mac Bradaigh: "Well after the interview of Conchubhair, we were fairly certain it was him. The tracksuit bottoms and trainers were also the same. Fiona Nic Risteard and her boyfriend were satisfied it was him when they saw the photo and the CCTV footage of the night. It had to be him, I've known him for a while, he has a real violent streak too."

On the basis of the evidence given by Garda Mac Brádaigh in relation to the failure to hold an identification parade, Counsel for the Accused applied to exclude the CCTV footage of the incident. It was submitted that the CCTV footage was used to bolster the recognition evidence of Garda Mac Brádaigh rather than identifying Mr Ó Dufaigh. It was further submitted that it was entirely inappropriate for the Prosecution to rely on the CCTV footage of the incident in the absence of any valid reason by An Garda Síochána for not organising an identification parade.

Judge Ó Duinn found as follows in relation to the failure to hold an identification parade:

> "The purpose of an identification parade is to protect the accused and ensure there is independence in the selection in the participants of the parade and a record is kept of it.
>
> I have now heard Garda Mac Brádaigh's reason why in his view the identification parade was not undertaken. Garda Mac Brádaigh's experience as a member of An Garda Síochána meant that he was confidently able to identify Ó Dufaigh.
>
> I have also heard evidence that Mr Ó Dufaigh was later identified by both Fiona Nic Risteard and Seosamh Ó Gríofa after seeing a photograph and the CCTV footage of the incident.
>
> I am satisfied that An Garda Síochána were justified to use a secondary form of identification."

Conchubhair Ó Dufaigh was found guilty and was convicted of the offence of burglary under 12 of the Criminal Justice (Theft and Fraud Offences) Act, 2001. Judge Seamus Ó Duinn sentenced Conchubhair Ó Dufaigh to a term of seven years imprisonment with the final six months suspended.

The Accused, Conchubhair Ó Dufaigh seeks to challenge the conviction on the following grounds of appeal: -

Grounds of Appeal

i. The learned trial judge erred in fact and law in permitting the Gardaí to give recognition evidence.

ii. The learned trial judge erred in refusing to discharge the jury having regard to the prejudicial evidence by the Garda witness.

iii. The trial judge erred in law and fact in refusing Counsel for the Accused's application to exclude the CCTV footage in the circumstances where the Gardaí failed to hold an identification parade with no reasonable explanation as to why the failure occurred.

iv. That in all circumstances the verdict of the jury was unsafe and/or perverse.

REÁCHTÁIL AN CHOMÓRTAIS

Tá breis eolais agus foirm iontrála ar fáil ag https://bit.ly/bréagchúirt23

Comórtas é seo do mhic léinn tríú leibhéal ach go háirithe dóibh siúd atá ag déanamh staidéir ar an dlí. Achomharc in aghaidh breith cúirte atá i gceist. Tá sonraí an cháis thuas. Tá an comórtas á reáchtáil ag Gael Linn in onóir Iar-Uachtarán agus Iar-Phríomh Bhreitheamh na hÉireann, Cearbhall Ó Dálaigh.

Reáchtálfar réamhbhabhtaí Bréagchúirt Uí Dhálaigh/Gael Linn maidin **Dé hAoine 17 Samhain 2023** in Óstaí an Rí (King's Inns), Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 agus reáchtálfar an chraobh sna Ceithre Chúirt os comhair breithiúna an tráthnóna sin. Ag brath ar líon na bhfoirne tá seans bheag go mbeidh orainn roinnt réamhbhabhtaí a eagrú oíche Déardaoin 16 Samhain 2023.

CLÁR IMLÍNE AN LAE:

10.00 – 12.00	Réamhbhabhtaí in Óstaí an Rí.
12.30 – 14.00	Lón do na hiomaitheoirí.
14.00	Réamhbhabhtaí in Óstaí an Rí.
15.30	Fógra faoin gCraobh.
17.00 – 18.00	An Chraobh, Na Ceithre Chúirt.
18.00 – 19.00	Fáiltiú i Seomra Tae na nAbhcóidí, Na Ceithre Chúirt.

BALLRAÍOCHT NA FOIRNE

Duine amháin ar a laghad agus ceathrar ar a mhéid. Ar aon fhoireann ní bheidh ag caint ach beirt ar a mhéid, Abhcóide Sinsir agus Abhcóide Sóisir. Is féidir le duine amháin páirt a ghlacadh sa Bhréagchúirt mar Abhcóide Sinsir. Ní gá do bhaill uile na foirne a bheith ina mic léinn ar an gColáiste 3ú leibhéal céanna. Áirítear Óstaí an Rí agus An Cumann Dlí ina gColáistí 3ú leibhéal. **Íocfar liúntas taistil agus lóistín más cuí,** leo siúd a ghlacfaidh páirt.

DUAISEANNA

Bronnfar buantrófaí Gael Linn agus seic ar €600 ar na buaiteoirí.
Bronnfar seic ar €300 ar an bhfoireann a thagann sa dara háit.

DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA

Ní mór iontráil a dhéanamh roimh **8 Samhain 2023**. Tá teacht ar fhoirm iontrála ag https://bit.ly/bréagchúirt23 .

RÉAMHULLMHÚCHÁN

Beidh ar gach foireann dhá thaobh an cháis a réiteach agus a phléadáil. Déarfar leis na foirne an lá roimh na réamhbhabhtaí cén taobh den chás a bheidh á phléadáil acu sa chéad bhabhta.

Treoracha i dtaobh na nAighneachtaí:
Moltar do fhoirne leabhair údaráis a chur le chéile agus go mbeidh cóip ann do gach breitheamh (beidh triúr breithiúna sa chraobh).

Leabhair Údaráis:
Ba chóir cóip de gach cás, acht reachtaíochta, nó sliocht ó leabhar dlí, a bhfuil tagairt ann sna haighneachtaí a chur i leabhar údaráis (fillteán den pháipéarachas uile). Má tá aon chás no acht reachtaíochta thar 10 leathnach, moltar diréach an chéad cúpla leathanach, a thugann fíricí an cháis ón mbreithiúnas, nó innéacs na reachtaíochta, a chur ar fáil. Moltar gan níos mó ná 6 chás a oscailt agus moltar cásanna Éireannacha a úsáid chomh fada agus is féidir.

NA HAIGHNEACHTAÍ BÉIL

Leanfaidh na haighneachtaí béil mar a leanas:
1. Abhcóide* don achomharcóir : 20 nóiméad
2. Abhcóide* don fhreagróir : 20 nóiméad (*Tig le gach foireann na haighneachtaí a roinnt mar a leanas, más mian leis an bhfoireann é)
A. Abhcóide Sinsir : 10 nóiméad **B**. Abhcóide Sóisir : 10 nóiméad
3. Frisnéis : Abhcóide amháin don achomharcóir : 3 nóiméad
4. Cur i gcoinne na frisnéise – Abhcóide amháin don fhreagróir : 3 nóiméad
Ní cheadófar ábhar nua a thabhairt isteach le linn na frisnéise/cur i gcoinne na frisnéise.
Gearrfar pionós ar abhcóidí a sháraíonn na teorainneacha ama. Tá sé tábhachtach d'iomaitheoirí an iomarca léitheoireachta a sheachaint.

Ní cheadófar d'aon fhoireann atá fós sa chomórtas suí isteach ar Chúirt ina bhfuil foirne eile sa chomórtas ag iomaíocht.

GAEILGE

Is í an Ghaeilge teanga an chomórtais. Beidh cead áfach ag baill foirne sliochtanna a léamh i mBéarla ó chásanna atá á n-úsáid acu chun tacú lena gcuid argóintí, ach gan dul thar fóir leis. Tá teacht ar théarmaí dlí i nGaeilge ar an suíomh gréasáin www.acmhainn.ie/

Tá Gael Linn buíoch de na hAbhcóidí a chuidíonn linn an comórtas seo a reáchtáil, ach go háirithe de Alice Maguire Spencer, Abhcóide. Má tá ceisteanna ag éinne i dtaobh an cháis is féidir teagmháil a dhéanamh le

Alice Maguire Spencer BL	A.MaguireSpencer@lawlibrary.ie	(087) 950 4109
Cecilia Ní Choileáin BL	cecilia.nichoileain@lawlibrary.ie	(087) 217 4703
Daniel McNamara BL	daniel.mcnamara@lawlibrary.ie	(085) 226 2375
Cillian McGovern BL	cillian.mcgovern@lawlibrary.ie	(083) 426 3999

Beidh gach duine ainmnithe thuasluaite sásta tacaíocht a thabhairt le haon fhoireann atá ag lorg comhairle nó cabhrach maidir leis an mBréagchúirt ach teagmháil a dhéanamh leo chun cruinniú a shocrú.

Táimid buíoch freisin de Chormac Ó Dúlacháin, Abhcóide Sinsearach agus Daithí Mac Cárthaigh, Abhcóide, as a dtacaíocht leanúnach. Is mór linn chomh maith an comhoibriú a fhaighimid go bliantúil ó Óstaí an Rí agus ón tSeirbhís Chúirteanna, a chuireann áiseanna den scoth ar fáil dúinn.

Mar threoir ghinearálta is fiú féachaint ar an suíomh www.mooting.net ach coinneáil in aigne nach mar a chéile go díreach na rialacha atá in úsáid ag Bréagchúirt Uí Dhálaigh.

CÓRAS MARCÁLA

Dáilfear marcanna as 100 ar gach mac léinn de réir na scéime Marcála seo a leanas:

A Ábhar (30 Marc)
Aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna atá os comhair na cúirte
Ábhar a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chinneadh na cúirte a phlé agus an t-ábhar sin amháin
Feasacht a léiriú ar na cinntí a d'fhéadfadh an chúirt a dhéanamh
An úsaid chuí a bhaint as cáipéisí ábhartha
Plé mar is cuí a dhéanamh le hoifigigh na cúirte
Cruinneas ó thaobh na bhfíricí agus ó thaobh an dlí de

B Struchtúr (20 MARC)
Feasacht a léiriú maidir leis an gcéim ag a bhfuil na himeachtaí
An t-ábhar a chlúdach go héifeachtach laistigh de na teorainneacha ama
Gach pointe a ghlacadh in ord loighciúil
An tábhacht agus an suntasacht chuí a thabhairt do gach pointe

C Úsáid Gutha (30 MARC)
Labhairt ar luas ciallmhar
Neamhchinnteacht a sheachaint
Labhairt amach go soiléir agus os ard
Téarmaí oiriúnacha a úsáid
Cúram a dhéanamh de theacht i láthair agus comharthaíocht choirp
An iomarca tagairtí do nótaí agus go háirithe léamh amach nótaí focal ar fhocal a sheachaint

D Cumas Argóna (20 MARC)
An dlí agus fíricí a úsáid leis an sprioc atá ag teastáil a bhaint amach
Argóintí fiúntacha a chur chun cinn agus argóintí nach bhfuil fiúntas leo a sheachaint
Aon laige sa chás a phlé mar is cuí
Freagairt oiriúnach a dhéanamh ar aon idirghabháil a dhéanann an breitheamh

Tuilleadh Eolais:
Tomás Rua Ó Cadhla
Bréagchúirt Uí Dhálaigh
Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.
(01) 6753300 / (087) 7474927 tomasrua@gael-linn.ie